

IA
WA
TST

Taispeántas eagraithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí, ansin An Roinn Airgeadais, agus sa deireadh ag Dánlann LAB de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcomhar le Modhscoil Shinsearach Lárnach, Baile Átha Cliath 1.

Ciarán Murphy - [Dearadh](#)

Rith cló - [Clódóireacht](#)

Bryan Rutledge, ARA; Con Brogan, OPW - [Grianghrafadóireacht](#)

Bainisteoir Tionscadail - [Marie Harpur](#)

© Cóipcheart na Corónach agus Rialtas na hÉireann cóipcheart 2016



IAWATST

Interesting And Weird At The Same Time

Venues

The Printworks, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Bhaile Átha Cliath 2

Samhain 2016

The Alley Theatre and Gallery, An Srath Bán, Co. Thír Eoghain

Nollaig 2016

The LAB Gallery, Baile Átha Cliath 1

Feabhra 2017

Réamhfhocal

Tá Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus an Roinn Airgeadais ag obair le chéile ar thaispeántais ealaíne a eagrú ó dheireadh na 1990idí i leith. Baineann na taispeántais sin le saothair ealaíne ó bhailiúcháin faoi úinéireacht phoiblí a thabhairt ar chamchuairt chuig ionaid ar fud an oileáin ar fad. Le blianta beaga anuas, tá comhpháirtíochtaí níos leithne le heagraíochtaí cultúrtha eile á gcruthú de bharr na dtaispeántas, rud a fhágann go mbíonn lucht féachana ag teacht as lear mór áiteanna chun féachaint ar na saothair ealaíne i ngach aon bhailiúchán - chuig ionaid ealaíon, leabharlanna, coláistí, foirgnimh oidhreachta agus foirgnimh eile a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu.

I mbliana, tá ríméad ar Oifig na nOibreacha Poiblí agus ar an Roinn Airgeadais obair i gcomhar leis an LAB Gallery atá á reáchtáil ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun an taispeántas bliantúil a eagrú. Mar chuid den tionscadal, bhíothas ag obair le foireann choimeádaíochta an LAB Gallery agus le leanaí agus le múinteoirí ón Central Model Senior School i mBaile Átha Cliath. Thug na leanaí cuairt ar oifigí Oifig na nOibreacha Poiblí agus na Roinne Airgeadais i mBéal Feirste chun saothair ealaíne a roghnú lena gcur isteach sa taispeántas. Agus leas á bhaint aici as modh teagaisc nuálach na Straitéisí Amharc-Smaointeoireachta (VTS), bhí foireann an LAB i mbun plé an-bhríomhar leis na leanaí ar a gcuid cuairteanna agus freisin ina gcuid seomraí ranga agus ba as an obair sin a roghnaíodh 20 saothar ealaíne sa deireadh.

Is é I A W A T S T an giorrúchán le haghaidh 'Interesting And Weird At The Same Time'. Sin é teideal an taispeántais. Is teideal spéisiúil é a

léiríonn freagraí úra oscailte na leanaí tríd an gcóras VTS ar na saothair stairiúla agus chomhaimseartha atá le fáil i ngach bailiúchán. Sa chatalóg seo, tugtar faisnéis faoin tionscadal agus tugtar cuireadh dúinn dul i dteannta na leanaí ar an turas a thug siad chun an taispeántas a chruthú.

Osclófar an taispeántas in The Printworks i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna. Ina dhiaidh sin, tabharfar chuig an Alley Theatre and Gallery ar an Srath Bán i mí na Nollag é. Beidh sé ar taispeántas ansin in The LAB Gallery i mí Feabhra 2017.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do rannpháirtíocht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an Central Model Senior School agus na ndaoine ar fad a bhí ag obair sna hionaid éagsúla ina raibh taispeántas na bliana seo á óstáil. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil go speisialta leis na healaíontóirí go léir a bhfuil a saothar i gcroílár an taispeántais..

Bain sult as an taispeántas.



Máirtín Ó Muilleoir, MLA
Minister of Finance in
the Stormont Executive

Comhalta den Tionól
Reachtach
An tAire Airgeadais i
bhFeidhmeannacht
Stormont

Foreword

The Office of Public Works (OPW) and the Department of Finance (DoF) have been collaborating on organising art exhibitions since the late 1990s. These exhibitions involve touring artworks from both public owned collections to venues throughout the island. In recent years, the exhibitions have opened up into broader partnerships with other cultural organisations that have led to the artworks in both collections being viewed by audiences in a wide variety of locations - arts centres, libraries, colleges, heritage properties and other buildings which are open to public access.

This year, the OPW and the DoF are delighted to collaborate with Dublin City Council's the LAB Gallery in the organisation of the annual exhibition. The project has involved working with the curatorial team from the LAB Gallery and with the children and teachers from the Central Model Senior School in Dublin. The children visited the offices of the OPW in Dublin and the DoF in Belfast to select artworks for inclusion in the exhibition. Using the innovative Visual Thinking Strategies (VTS) method of teaching, the LAB team led some lively discussions with the children on their visits and also in their class rooms which resulted in the final selection of 20 artworks.

I A W A T S T is the abbreviation for 'Interesting And Weird At The Same Time.' It is the title of the exhibition. It is an intriguing title that reflects the children's fresh and open responses through the VTS system to historic and contemporary works in both collections. This catalogue provides information on the project and invites us to join the children on the journey they took in making the exhibition a reality.

The exhibition opens in The Printworks in Dublin Castle in November, then travels to the Alley Theatre and Gallery in Strabane in December. It will then be on view in the LAB Gallery in February 2017.

We would like to acknowledge the participation of Dublin City Council, the Central Model Senior School and all those involved in the various venues hosting this year's exhibition. We also wish to especially thank all of the artists whose work lies at the heart of the exhibition.

Enjoy the exhibition.



Seán Canney, TD
Minister for the
Office of Public Works
and Flood Relief

An tAire Stáit um Oifig na
nOibreacha Poiblí agus
Faoiseamh Tuile

Interesting And Weird At The Same Time

Tá áthas orainn gur cuireadh cuireadh orainn comhpháirt a ghlacadh sa taispeántas tábhachtach seo a thabharfaidh deis dhá bhailiúchán nua poiblí a chur i láthair na luchtaí féachana nua. Bhí próiseas bailithe OPW agus na Roinne Airgeadais ríthábhachtach maidir le hinfheistíocht i saothar na n-ealaíontóirí, go minic ag tosach a ngairmréime. Tugann an fhéidearthacht le taispeántas agus catalóg bhliantúil a fhorbairt deis le féachaint ar na saothair ar dhóigheanna úrnua agus iarrann sé ar na luchtaí féachana nua a bhfreagraí a chur in iúl d'fhonn cur le hoidhreacht na mbailiúchán.

Tacaíonn Dánlann LAB Gallery de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le healaíontóirí ag teacht chun cinn ag tús a ngairme agus le healaíontóirí cruthaithe ag glacadh rioscaí ina gcuid cleachtaí. Ó bunaíodh in 2005 í, chuir sí ardán tábhachtach ar fáil do na hamharcealaíona in Éirinn, choimisiúnaigh sí saothair nua, scríobh sí agus chuir sí clár uailmhianach poiblí ar fáil i gcomhar lenár bpáirtneirí agus lenár gcomhoibrithe taighde.

Ag an LAB, tá cuid mhór den obair ealaíne atá curtha ar taispeáint á fheiceáil den chéad uair riamh roimhe, ag teacht go díreach ó stiúideo ealaíontóra. Suite sa cheantar ionchathrach stairiúil Monto i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath, d'fhorbraíomar Project 20/20 mar thogra dírithe, amharc-lítearthachta chúig bliana i gcomhpháirt le leanaí a raibh cónaí orthu inár gceantar. Tá cuspóir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath simplí – tacú le healaíontóirí saothar nua a dhéanamh agus cabhrú le leanaí



rochtain a bheith acu ar ealaíontóirí agus ar eispéiris ealaíon ar ardchaighdeán ina gceantair áitiúla. Trína bheith ag obair laistigh de chomhthéacs údarais áitiúil agus i gceantar an LAB ina bhfuil bonneagar saibhir amharcealaíon, ligtear dár gcreatlach choimeádaíochta agus oideolaíochta pobal cleachtaidh a fhorbairt go mall agus éascaíonn sí solúbthacht maidir leis na dóigheanna a fhorbraímid caidreamh agus acmhainní thar tréimhse ama.

Cuireann Project 20/20 am agus spás ar fáil le cíoradh a dhéanamh ar na féidearthachtaí go bhfuil leanaí chumhachtach agus go bhfuil sé ar chumas s'acu a bheith mar ghníomhaithe ina n-eispéireas cultúrtha féin. Éascaíonn sé leanaí le féachaint ... go mall ... ligeann sé dóibh smaoinemh... bheith fiosrach ... 'ceisteanna móra' a chur ... na smaointe seo a phlé mar ghrúpa ... glacadh leis gur féidir le healaín bheith débhríoch ... neamhréitithe ... go bhfuil gach barúil bailí...go bhfuil spásanna dánlainne ar fáil do gach duine sa ghnáthphobal, cé go bhfuil rialacha agus startha áirithe acu atá dofheicthe in amanna. Tá an cur chuige seo leagtha síos le hoideolaíocht thógach, agus cuirtear bonn faisnéise faoi ag creatlach theoiriciúil na forbartha aeistéitiúla arna cheapadh ag Abigail Housen. Táimid ag gníomhú na teoirice tríd na Straitéisí Amharc-Smaointeoireachta (VTS) – plé modheolaíocht bhunaithe le smaoinemh ar ealaín. Díríonn an modh seo, a tháinig ó larsmalann Ealaíne Nua-aimseartha, Nua- Eabhrac, ar ghuthanna na leanaí a chur in iúl trína ngrá, a dtuiscint, a muinín agus a gcumas le féachaint ar amharcealaín agus ar na dóigheanna a dhéanann na healaíontóirí a saothair a chothú.



Mar chuid de chlár an taispeántais sa LAB, spreagaimid ár n-ealaíontóirí le rioscaí a ghlacadh. Cén fáth nach spreagfaimis iad siúd a chónaíonn cóngarach don dánlann riosca a ghlacadh agus an mhodheolaíocht nua seo a chíoradh linn? iniúchóirí calma a bhí i lucht na Modhscoile Shinsearaigh Lárnach ón tús. Chabhraigh siad linn tuiscint a fhorbairt ar an dóigh a n-oibríonn VTS leis na leanaí agus le healaín chomhaimseartha Éireannach. Is í Scoil Mhíochaine agus Eolaíochta Sláinte i gColáiste Ollscoile Chorcaí an t-aon áit amháin atá ag úsáid VTS go foirmiúil in Éirinn, mar ar imeasc sí VTS ar fud an churaclaim le béim a chur ar a thábhachtaí atá sé do na gairmithe sláinte féachaint ar íomhá go dlúth agus í a phlé mar ghrúpa piarchomhpháirithe chun tacú le scileanna diagnóiseacha sa toadhcháí.

Tá leanaí agus múinteoirí ón Mhodhscoil Shinsearach Lárnach ag obair le Lynn McGrane, éascaitheoir traenáilte VTS le dhá bhliain anuas. Croí luach a nochtadh ina gcuid seisiún le Lynn ná cead smaoinimh a sholáthar a thugann deis freagraí aonair a dheimhniú agus meas a léiriú ar ilpheirspictíochtaí. Bhí a múinteoirí a rá linn (trí scéalta) faoin méadú suntasach ar mheas agus ar ghlacadh na leanaí ar bharúlacha a chéile cé go bhféadfaidís a bheith difriúil óna mbarúlacha féin. Go háirithe, luaigh siad cé chomh tábhachtach is a bhí sé go bhfoghlaimeadh na leanaí conas iad féin a chur in iúl agus seasamh suas do na rudaí a gcreideann siad iontu, ach a bheith fulangach ar pheirspictíochtaí difriúla ag an am céanna. Aithníodh seo mar scil thábhachtach saoil. Tá 17 náisiúnacht éagsúla sa Mhodhscoil Shinsearach Lárnach. Ní hiad stair ealaíne na hÉireann nó stair



ealaíne an iarthair fiú a stair. Le chéile, bímid ag foghlaim óna chéile. B'iad na Straitéisí Amharc-Smaointeoireachta an chreatlach a thug deis dúinn tacú le teacht chun cinn peirspictíochtaí na leanaí, in áit ár mbarúlacha féin agus an léamh atá againn ar ár stair agus ar stair ealaíne a chur in iúl (nó a bhrú). In amanna agus ar bhonn céimnithe, le linn ár gcuid oibre lena chéile, chuir peirspictíochtaí úrnu na leanaí ar an ealaín lena n-iarratas séimh le breathnú slán sábháilte agus le 'saol maith' a bheith acu ina gceantar féin. Bhí a neart inmheánach ina ndia beag againn agus chuir ár dturas go Béal Feirste an méid atáimid ag foghlaim ó na leanaí i gcuimhne dúinn. Tá tionchar aige seo ar an dóigh a ndéanaimid bearta, mar eagraíochtaí ealaíon agus cultúrtha, múinteoirí, scoileanna, oibrithe seirbhíse óige, soláthraithe cúram luathleanaí, ealaíontóirí agus mar rialtas áitiúil.

Nuair a bhíomar ag socrú an taispeántais seo, roghnaigh ár gcoimeádaithe, na leanaí ón Mhodscoil Shinsearach Lárnach na píosaí ealaíne ó ghearrliosta de bhreis agus céad oibreacha ealaíne mar chuid de phróiseas nuair a d'fhéach siad orthu, trí fhreagraí pearsanta agus nuair a bhí comhlé acu a raibh Lynn McGrane i gceannas air. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an OPW agus leis an Roinn Airgeadais as an deis seo a chruthú agus leis na leanaí agus na múinteoirí as an dúshlán seo a thabhairt. Tá súil againn go nglacfaidh tú an t-am, agus ár coimeádaithe óga do do spreagadh, le féachaint níos dlúithe ar na saothair seo agus le cead smaoinimh a thabhairt duit féin .



Mar chuid d'éiteas Project 20/20, tá am agus spás de dhíth le machnamh a dhéanamh agus le rioscaí a ghlacadh. Tá orainn mar dhaoine fásta a bheith oscailte ó thaobh foghlama de agus glacadh le haiseolas criticiúil. Tá uailmhian ealaíonta de dhíth. Ní mór dúinn a bheith cróga go leor le triail a bhaint as ... agus le teip orainn ... agus le triail a bhaint as arís. I bhfíorspriorad an chleachtais treoraithe ag fiosruithe, tá spás an LAB ár spreagadh chun teacht ar rudaí nua agus sinne ag baint triail as straitéisí praiticiúla le nascadh le domhan samhraithe ár leanaí sa dóigh is go mbeimid, mar dhaoine fásta, in ann todhchaí nach féidir linn samhlú a fhorbairt.

Sheena Barrett agus Liz Coman
An Dánlann LAB



Barúlacha na Leanaí

“Tá sé iontach deas agus féachann sé cosúil le teach deas agus tá an ghealach ag soilsíú. Is cosúil go raibh sé gaofar agus gur séideadh leathchuid den díon chun siúil agus is teach aonair é gan teach ar bith eile thart air agus tá sé cosúil le bheith i lár na dufaire agus tá an ghealach ar tí dul a luí agus tá a lán crann thart timpeall air”

“Is maith liom an ceann seo mar tá dathanna dorcha air agus bheadh go leor spáis i mo sheomra dó”

“Tá sé seo síochánta”

“Atlantis”

“Thaitin sé liom toisc gur thaitin an spéir liom”

“Thaitin sé liom toisc go raibh sé álainn”

Plé VTS

“Sílím go bhfuil an teach bán sin tréigthe agus go bhfuil na ráillí sin ón tuath, tá a lán crainn ann. Tá an díon ar shiúl ón teach freisin agus sin an fáth a sílím go bhfuil sé tréigthe.”

“Ceapaim go raibh ráille eile taobh leis ach bhris duine éigin é. Féach ar an dóigh a ritheann sreangán dearg an bealach sin fosta, is dócha go raibh orthu é a chur ansin le daoine a choinneáil amach. Is dócha gur cheann leictreach atá ann mar má theagmhaíonn duine ar bith leis, bainfear turraing leictreach dóibh.”

“Sílím go bhfuil sé cosúil le teach atá á thógáil mar bíonn doras bán ann de ghnáth, ach tá an chuma air go bhfuil sé clúdaithe i bplasteach bán. Feistefar an doras níos moille nuair a bheas an foirgneamh críochnaithe acu.”

“Measaim gur teach é atá suite i lár na dufaire mar níl comharsa ar bith acu, is breá leo garraíodóireacht agus níl doras ar bith acu agus sílím go bhfuil sé iontach gaofar, séideadh leathchuid den díon chun siúil agus tá an ghealach ag dul a luí.”

“Sílím go bhfeicim plandaí ansin. Ceapaim gur fhás siad féin na plandaí sin.”

“Tá níos mó solais sa phictiúr eile [ag pointeáil ar Finnis’ ag Lawson Burch], ach tá an ceann seo dorcha, tá an ceann sin cineál brónach. Mar gheall ar an díon, cuireann an spéir, an sconsa agus an teach brón orm.”



Lawson Burch

Solas na Gealaí
aicrileach ar chlár
Bailiúchán na RA

Barúil an Mhúinteora

Cuireann an pictiúr seo an t-am is fearr liom sa lá i gcuimhne dom. Is breá liom an dóigh a léiríonn sé suaimhneas agus socracht na luathmhaidine faoin tuath. Braithim cineál uaignis, ach tá an ghrian ag iarraidh bheith feicthe tríd an gceo agus sílim go léiríonn sé giota beag dóchais, tugann sé féidearthacht lae nua agus an méid a d'fhéadfadh tarlú ann. Tugann sé dóchas dom go bhfuil tithe cónaithe agus muintearas ann tríd an gceo a chealódh mothúcháin reatha na scoiteachta agus an uaignis fhéideartha.



Lawson Burch

Finnis

aicrileach ar chláir
Bailiúchán na RA

Barúlacha na Leanaí

“Is maith liom é seo mar tá sé cosúil le beochan, uisce á dhoirteadh isteach i gcupa, an-deas, céim ar chéim.”

“Tá cuma photaireachta air ach tá sé déanta d’adhmaid.”

“Is maith liom é mar tá sé déanta d’adhmaid agus tá sé go hiontach”.



Hugh Cummins
Cúram Máthartha
mahagaine agus mailp súil éin
2015
Bailiúchán OPW

Children's Comments

“Sílím go bhfuil sé réadúil agus braitheann sé gur féidir leat dul isteach ann agus go raibh fearthainn throm ann agus éin ar na crainn agus ansin d’imigh siad leo ag cuardach bia. Bhí stoirm mhór ansin agus thit an nead den chrann. Cheap me go raibh uibheacha ann, Thit na cipíní agus na géaga san abhainn agus tá sé curtha trína chéile anois.”



Paul Gaffney

*Gan Teideal#41 – ón tsraith *We Make the Path by Walking**

grianghraf, prionta lí cartlainne

2012

Bailiúchán OPW

Barúlacha na Leanaí

“Is maith liom é mar tá cuma scáfar agus spráúil air”

“Is maith liom é mar sílim go bhfuil cuid mhór poncanna ildaite sa phictiúr”


“Is maith liom é mar cuireann sé an Fómhar i gcuimhne dom”

“Tá mionghnéithe maithe ann”

“Ta na duilleoga ar shiúl de na crainn. Ag féachaint ar an bpictiúr tá scáth ann agus tá cuma an Fómhair sa phictiúr. Tá na duilleoga oráiste agus buí.”

“An Fómhar atá ann, measaim, sa choill agus tá peitil ar an talamh leathbhealaigh go dtí an droichead agus tá clocha agus a lán brící ann. Lá geal atá ann.”

“An oíche atá ann, sílim, i bpáirc ach níl duine ar bith inti. Is scáthanna ó na crainn na duilleoga dorcha.”

**Dennis Kelly**

I ndiaidh na Tuile

ola ar chlár

1998

Bailiúchán na RA

Barúlacha na Leanaí

“Tá an ealaín seo cosúil le tairseach don todhchaí”

“I.A.W.A.T.S.T. (Interesting And Weird At The Same)”

“Roghnaigh mé é mar tá rud cúláilte aige ar rud cúláilte eile”

“Tá cuma líne air, ach tá sé clúdaithe”.



David King
Gan Teideal
ola ar chruach corten
2014
Bailiúchán OPW

Plé VTS

“Tá sé cosúil le bád mór ag dul i dtreo na girsí ar an oighear agus sílim go mbeidh sí ag dul an t-oighear a bhualadh mar tá sí an-chóngarach don oighear.”

“Sílim go bhfuil cuma an-bhrónach ar an ngirseach.”

“Sílim go bhfuil brón ar an ngirseach mar bhí troid aici lena tuismitheoirí agus thosaigh sí ag imeacht, ar an drochuair. Ceapaim go raibh siad ag dul abhaile, nó ar saoire, ach leis an bhfírinne a rá, bhí troid aici lena tuismnitheoirí agus thosaigh an ghirseach ag imeacht agus shiúil sí uathu.”

“Is dóigh liom go bhfuil an ghirseach bheag agus a tuismitheoirí ag dul ar saoire agus bhí siad ar tí Antartaice a fheiceáil ar feadh tamaill bhig agus ansin chuaigh an ghirseach i dtír le féachaint thart.”

“Ceapaim gur thuirling an ghirseach bheag den long, chuaigh sí ar strae ansin tá an long ag dul an t-oighear a bhualadh. Tá cuma beagán bhrónach uirthi agus níl duine ar bith thart ansin.”

“Is dócha gur caitheadh ón long í agus tá an chuma air go bhfuil a buataisí rubair fliuch.”

“Sílim go raibh a tuismitheoirí léi agus tá a tuismitheoirí ag féachaint thart agus bhí sise ag siúl agus ag féachaint thart ach d’imigh a tuismitheoirí go háit éigin eile agus anois, tá sí ag caoineamh agus tá brón uirthi mar tá sí ar strae. Tá sí ag iarraidh teacht ar a Mamaí agus ar a Daidí.”

Barúil an Mhúinteora

Is maith an dóigh a léiríonn sé nádúr neamhbhuartha an linbh atá sásta le bheith ag spaisteoireacht sa sneachta cé go bhfuil long mhór ina suí san oighear. Tá cuma na scamall sa spéir cosúil le cuma an tsneachta ar an talamh agus má ghactar le chéile iad, léiríonn siad cúlra iontach tarraingteach a shíl mé a bhí spéisiúil agus suaimhneach. Is maith liom na dathanna a roghnaigh an t-ealaíontóir atá i gcodarsnacht le dathanna geala na loinge agus le dathanna dorcha éadaí an bhuachalla. Thar an iomlán, tá tréithe osréalacha ag an bpictiúr.



Algis Krisciunas

Long Dhearg

Ola ar chanbhás

2015

Bailiúchán OPW

Barúlacha na Leanaí

“Tá an pictiúr seo funcaí”

“Tá sé cosúil le smaointe scamail nuair atá tú ag múinteoireacht agus ansin déanann tú seo” (féach an líníocht linbh sa chlúdach cúil istigh)

“Roghnaigh mé é seo mar is breá liom an dóigh a seasann sé amach ... tá an dath is fearr liom, dearg, sa phictiúr fosta.”



Nevan Lahart

Ca. 10: Teoiric na hOllphléisce, scéal grinn

meáin mheasctha ar chlár

2001

Bailiúchán OPW

Plé VTS

“Tá an teilifíseán briste. Tá cuma teilifíseáin air mar go bhfuil sé cearnógach. Tá uimhreacha ag a bhun. Tá an teilifíseán briste. Níl ann ach scéal beag grinn.”

“Sílím go bhfuil sé cosúil le duine éigin ag féachaint ar scannán den teach. Is scannán é. Tá an ghirseach –sílím go bhfuil sí ag cuardach a teaghlaigh agus go bhfuair sí an áit a bhfuil cónaí orthu. Tá an chuma ar a haghaidh gur chaill sí a teaghlach.”

“Teilifíseán 3T atá ann. Tá cuma chaillte ar a ghirseach atá istigh ann. Tá an chosúlacht ann go bhfuil sí caillte ar fheirm. Tá scioból ann.”

“Mar gheall ar an chuma atá uirthi agus ar an dóigh a bhfuil sí gléasta agus í ag cuardach bia nó rud éigin, ceapaim gur san Afraic Theas atá an pictiúr suite. Sílím gur scioból é sin.”

“Tá an ghirseach caillte agus tá sí ag iarraidh foscadh a fháil agus chonaic sí teach agus tá sí ag féachaint taobh thiar di féin le cinntiú nach bhfuil duine ar bith ag féachaint uirthi. Ceapaim go síleann sise go bhfuil duine á leanúint agus níor mhaith léi go mbeadh duine á leanúint. Tá sí ag iarraidh éalú. Nuair atá tú ag dul áit éigin, féachann tú díreach ar aghaidh, ní fhéachann tú taobh thiar díot.”

“Tá cuma oighinn mhicreathonnaigh air.”

“Sílím gur i stíl Mheiriceánach Dhúchasach a rinneadh é. Is teach nó rud éigin an rud triantánach sin. Féachaim air mar rud 3T mar gheall ar na cnaipí ar an taobh agus tá sé aisteach as siocair go bhfuil an chuma air go bhfuil sé claonta suas agus gurb é 18:18:54 an t-am atá ansin.”



Nevan Lahart

Ca. 58: Beagnach: Téann Marie isteach i mBaile Bruegal

ola ar mdf

2003

Bailiúchán OPW

Barúlacha na Leanaí

“Tá dragan órga agus léarscáil na Síne ar an gcarraig seo”

“Tá sí suimiúil agus mion”

“Is maith liom í mar tá sí cúláilte agus tá cuma uibhe móire uirthi”

“Is maith liom í mar fuair mé mo thír uirthi agus tá sí cosúil leis an ubh órga ón tseachtain seo caite. Tá sí cosúil leis an ubh ón tseachtain seo caite (an domhan) [Joanne Risley, Cróch, lch43] a raibh rudaí dubha á cosaint, agus an tseachtain seo, tá dragan órga (an domhan) á cosaint.”



Frances Lambe

Ubh Dhragan Tine

píosa ceirmeach le hórdhuille

2012

Bailiúchán OPW

Barúlacha na Leanaí

“Is maith liom é mar is maith liom a bheith ag siopadóireacht.”

“Is breá liom ollmhargaí.”

“Mar go bhfuil sé suimiúil agus dathúil agus is maith liom a bheith ag siopadóireacht.”

Plé VTS

“Sílím go bhfuil sé cosúil le hoifig, ní hea, siopa atá ann nó rud éigin mar tá cuid mhór daoine ann agus tá bia ann agus tháinig siad le rud éigin a cheannach.”

“Mar a fheiceann tú tá comhartha ann a léiríonn gur rud faiseanta atá ann.”

“Tá cuma shean ar an ngluaisteán sa chúlra.”

“Ta an chuma air gur margadh atá ann. In amanna, tá margaí sa bhaile a dhíolann torthaí agus rudaí eile. Mar tá ‘Saturday’ scríofa ar an bpostaeer thuas ansin.”

“Sílím gur margadh atá ann mar níl seastáin ag siopaí cosúil leo sin. Tá sé sin cosúil le gach Satharn nuair a théann daoine go Sráid Parnell agus nuair a dhíolann siad.



Cecil Maguire
Margadh Naomh Seirse
ola ar chlár
2006
Bailiúchán na RA

Plé VTS

“Sílím gur turgnamh atá ann mar feicim a lán leictreachais agus tá rudaí-a lán crann agus sílim gur Arkham City í sin mar chonaic mé ar mo chluiche Lego Batman í agus chonaic mé an foirgneamh sin.”

“Ceapaim gur ionad garraíodóireacht é mar tá sé déanta de ghloine agus bhí siad ag déanamh turgnaimh agus theip ar an turgnamh. Sílim go bhfuil beithíoch ann mar feicim é ag léiriú a chuid fiacra.”

“Tá sé cosúil le ceann de na garraithe gloine beaga ina bhfuil teas de dhíth ar na plandaí le fás níos fearr.”

“Ceapaim go bhfuil taibhse Chatagóir 10 san fhoirgneamh – sin an ceann cnaíte ar féidir léi a craiceann a athnuachan.”

“Sílim gur seanáit nó áit speisialta é mar tá gach rud déanta de ghloine agus is áit leictreach é mar is féidir liom cuid mhór rudaí leictreacha a fheiceáil agus tá sé ag soilsíú.”

“Sílim gur saotharlann é atá déanta de ghloine mar is féidir liom an taobh istigh den fhoirgneamh a fheiceáil, tá stuif ann atá cosúil le tintreach ann.”

“Ceapaim go bhfuil taibhsí sa tsaotharlann mar tá eolaí ann agus theip ar rud éigin, bhí leictreachas ansin d'éirigh sé dorcha agus ansin tháinig na taibhsí amach as an ngléas a bhí na heolaithe ag úsáid.”



Ruth McHugh
Phantasmagoria
grianghraf, lambdacróm
2009
Bailiúchán OPW

Plé VTS

“Lá Oifige.”

“Maidir leis na hainmneacha, sílim gurbh iad sin na daoine uilig a bhí i dteaghlach an duine, an duine a chónaigh sa teach, tá an teach tréigthe, fuair na daoine uilig bás sa teach.

Tá sé iontach salach. Ní féidir liom duine ar bith a fheiceáil mar sin de, táim ag smaoineamh go raibh sé tréigthe.”

“Sílim agus mise ag féachaint ar an bpictiúr go raibh an bhean ina cónaí ansin lena leanbh ach bhog siad amach. Sílim gur fhág siad a n-ainmneacha ansin, níor ghlán siad an teach nó rud ar bith. Creidim nach gcónaíonn duine ar bith ann anois mar tá sé salach.”

“Ceapaim gur oifig atá ann agus sin na daoine uilig a oibríonn ansin. Sin a saoiسته sa phictiúr. Tá an dath bán ar roinnt oifigí.”

“Tá cuid mhór rudaí ag dul ar aghaidh ann, na hainmneacha, an pictiúr, an spúnóg sin sa choirnéal. Tá crochadán cótaí ar iarraidh. Aontaím nach bhfuil duine ar bith sa teach níos mó mar tá scealpóg mhór ar an doras. Sílim go léiríonn an pictiúr (ar an mballa) an áit a bhfuil an teach suite anois, ach fadó.”



Mary McIntyre
 Tírdhreach Laistigh 1, 2000
 prionta grianghrafadóireachta
 2000
 Bailiúchán na RA


Barúlacha na Leanaí

“Tá cuma an-réadúil air. Braithim go bhfuil mé taobh istigh den phictiúr, tá na mionghnéithe, an uigeacht agus na dathanna sa phictiúr go hiontach. Cuireann sé Causey Farm, áit a ndeachamar ár scoil an tseachtain seo caite, i gcuimhne dom.”

“Is maith liom é mar tá conair dhúlra álainn ann. Mar go bhfuil sé mór agus tá an dúlra ann agus is maith liom an dúlra.”

Barúil an Mhúinteora

Bhí mé meallta ag na contrárthachtaí sa phictiúr seo. I dtús báire, tharraing na dathanna contrárthachta m’aird, an chonair thirim oráiste-dhóite agus an fhasóg ghlas mhéith atá mar theorainn uirthi. Tharraing sé seo m’aird ar an gcontrárthacht idir na heilimintí beo agus neamhbheo sa phéintéireacht, an crann lom agus an chonair thirim leis an bhféar glas méith thart uirthi agus na crainn fholláine. Is maith liom é go bhfuil an chonair ag rith go talamh bán agus go bhfuil an spéir sofheicthe.



Paul McKinley

Chuig Mullaitivu

ola ar chanbhás
2015

Bailiúchán OPW

Barúlacha na Leanaí

“Tá sé cosúil leis an úll ó Snow White, tá sé órga mar go bhfuil sé chomh speisialta sin.”

“Ú.Ó.S. (Úll Órga Suimiúil).”

“Sílím gur úll ite atá ann agus bhraith sé, iontach greannmhar, ar bhealach.”



Magnhild Opdøl

An Croí

cré-umha, adhmaid agus gloine

2009

Bailiúchán OPW

Plé VTS

“Tá an chuma air go bhfuil an radharc suite i ndufair nó rud éigin mar sin as siocair go bhfuil a lán plandaí ann agus tá siad ar eilifint. Tá an chuma ar an bpictiúr go bhfuil siad ag siúl tríd linn nó rud éigin.”

“Sílím go bhfuil siad ar thuras mar má fhéachann tú air sin [ag pointeáil] tá ‘happy tour’ scríofa ar an gcomhartha agus is dóigh liom go ndeachaigh siad isteach sa dufair agus sílim gur uachtar gréine é sin sa bhuicéad buí agus sa bhuicéad dearg, tá bia agus deochanna agus ansin, measaim go ndearna na daoine an rud do dhroim na heilifinte agus ansin feicim an buachaill, níl aghaidh aige, tá sí dearg, buí agus gorm, cosúil le spríoc.”

“Is maith liom é mar tá sé dathúil agus tá an chuma air go bhfuil sé suite san Earrach. Cuireann sé an eilifint a phéinteáil mé sa Bhulgáir i gcuimhne dom.”

“Tá an chuma air go bhfuil beirt dhaoine i bhforaois, nó i ndufair, tá brón orm, agus tá an chuma air gur áit turais a bhíodh ann ach gur dúnadh í mar chlúdaíonn cuid de na plandaí na doirse agus tá sé iontach mion. Is maith liom an dóigh a bhfuil sé mion mar tá sé deas. Tá an chuma air go bhfuil brící ann ach nuair a d’fhás cuid de na plandaí rómhór, chlúdaigh siad an áit iomlán agus ní fhéadfaidís dul isteach nó amach mar go raibh siad róláidir.”

“Tá siad ag iarraidh airgead a dhéanamh mar tá comhartha aon dhollar, sílim ar an rud, nó \$180, níl a fhios agam, tá deochanna air, níl sé soiléir ach b’fhéidir go ndearna siad féin deochanna.”

“Ceapaim go raibh siad cailte agus go dtáinig siad ar eilifint agus tá sí sa dufair agus tá an eilifint á dtabhairt léi go háit éigin agus shiúil siad tríd an linn leis an eilifint agus tá ‘happy tour’ scríofa ar an gcomhartha agus is dócha go raibh siad uilig ina seasamh agus bhí an ghloine ina seasamh ach bhí an eilifint ina seasamh uirthi agus bhrúigh sí í. An bhfeiceann tú an áit a bhfuil 180 scríofa? Sílim go bhfuil griabhac istigh ansin.”

“Sílím go bhfuil an radharc suite i zú san India mar nuair a d’fhéach mé ar an Ind ar an teilifís, chonaic mé na cineálacha diallaití sin roimhe. Sílim gur éalaigh an eilifint óna chás agus nár thug duine ar bith faoi deara í. Sílim go bhfaigheann siad sólaistí sula dtéann siad thart timpeall an zú. Feicim go bhfuil uisce faoi chosa na heilifinte, go bhfuil stealladh ann agus gur cosúil gur briseadh rud éigin agus go bhfuil an t-uisce ag teacht amach as. Is ó na sólaistí atá an t-uisce ag pléascadh go mór amach ag dul gach áit.”



Sheila Rennick
Laethanta Saoire sa Téalainn
ola ar chanbhás
2015
Bailiúchán OPW

Barúlacha na Leanaí

“Roghnaigh mé é seo mar is maith liom an dath órga”

“Tá a lán mionghnéithe ann agus tá sé iontach suimiúil leis na cuair uilig air.”

“Is maith liom é mar tá ubh órga istigh de”

“Bacainn gealaí uibhe”

“Roghnaigh mé é seo mar is cosúil go raibh sé deacair le déanamh”



Joanne Risley

Cróch

múnla cré-umha
Bailiúchán na RA

Barúil an Mhúinteora

Is mar gheall ar an gcosúlacht le tíleanna Dúitseacha an 17ú haois a bhí an píosa seo do mo mhealladh chun féachaint níos mine air. Fuair mé amach gur chuir an fhéachaint ar rud éigin beag agus mionsaothraithe, agus é méadaithe go dtí gur féidir iniúchadh a dhéanamh ar gach scríobadh a rinneadh ar a dhromchla thar treimhse ama, le próiseas smaointeoireachta a bhí do mo threorú ar roinnt bealaí.



Victor Sloan
 Gan Teideal (LUXUS)
 Prionta lambda ar chruach
 2006
 Bailiúchán na RA

Barúlacha na Leanaí

“Is maith liom an pictiúr seo mar tá a lán mionghnéithe ann”

“Cuireann an pictiúr seo cogáí agus áiteanna tréigthe i gcuimhne dom”

“Tá sé go han-álainn”

“Is maith liom an smaoineamh faoi luí na gréine agus na sráidbhaile le chéile”

“Roghnaigh me é mar tá sé an-mhion. Is maith liom líníocht mhion, Ansin arís, roghnaigh me Solas na Gealaí mar bhí sé chomh mion sin.”

Plé VTS

“Tá a lán daoine thall ansin, sílim go bhfuil siad ag iascaireacht. Ni féidir liom iad a fheiceáil go rómhaith, ach tá sleá acu.”

“ Aontaím gur sleánna iad, tá an chuma air gur an Chéad Chogadh Domhanda atá ann nó rud éigin ach tá siad ag cosaint na dtithe. Bhí na ndaoine a chónaíonn iontu á bhfostú lena gcosaint mar robáladh cuid mhór uaireanta iad. Tá siad ina seasamh an-slán sábháilte agus tá siad ag caitheamh clogad leo féin a chosaint ó rud éigin.”

“Féach ar na crainn ar an talamh, bhí siad in airde ach cibé daoine a raibh siad ag troid leo, ghearr siad síos iad d’aon turas.”

“An bhfeiceann tú sin, má fhéachann tú níos mine ar an rud sin [an rilíf chloiche ar dheis ansin], is féidir leat daoine a fheiceáil uirthi sin.”

“ Sílim gur cineál uaigne iad na clocha sin atá ag titim. Tá cosúlacht ann gur thit na fiailí orthu agus tá sí iontach sean agus is cuma le daoine fúithi níos mó agus sin an fáth ar féidir liom clocha ar iompaíodh béal fúthu a fheiceáil agus sílim gur sráidbhaile beag atá ann a ndearnadh dearmad air mar tá crainn thart timpeall air agus níl a fhios ag daoine go bhfuil sé suite ansin.”

“Ar fáth éigin, sílim go bhfuil sé cosúil le O’khasis, rud a chonaic mé ar youtube le Minecraft, todhchaí, nuair a scríosfar é agus stuif.”

“Ceapaim gur an mheánaois atá ann mar d’úsáid siad gunnaí agus an marcra le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda agus an Dara Cogadh Domhanda agus tá an chuma air seo gur sa mheánaois atá sé suite mar baineann sé úsáid as sleánna ina áit boghaí agus stuif. Sílim go bhfuil sé iargúlta mar tá sé cosúil le sráidbhaile, le teach beag, teach ar an iargúil agus tá rud éigin cosúil le séarach ansin le carraigeacha air agus tá rampa ann le crainn air, agus tá dealbha in aice leis agus is dócha chuir siad ansin iad. Feicim gur meán lae atá ann. Tá rud éigin thall ansin [chun tosaigh], ní féidir liom é a fheiceáil mar is ceart ach rud éigin atá ann. Tá cuid mhór daoine sa teach, feicim beirt ghirseacha ag an bhfuinneog, ceapaim.”



Unattributed
Tírdhreach le figiúirí
ola ar chanbhás
18ú haois
Bailiúchán na RA

Barúlacha na Leanaí


“Tá an ceann seo dorcha agus cuireann sé driuch orm agus is maith liom sin”

“Tá an seomra lán de léarscáileanna agus tá sé suimiúil”

“Cuireann sé scannáin uafáis i gcuimhne dom”

Barúil an Mhúinteora

Tarraingíonn an píosa seo m’aird mar gheall ar mhothúchán an ghéibhinn a bhraithim nuair a fhéachaim air. Cuireann línte ceartingearacha an urláir príosún i gcuimhne dom, agus léiríonn an timpeallacht dhorcha, mothúcháin an tsriain agus an mhíshonais. Mar gheall ar an solas ón doras oscailte, cuirim an cheist ... cad é atá taobh amuigh? An bhfuil sairse ann leis an áit seo a fhágáil? Má bhí an doras seo oscailte i gcónaí cad é a ghardáil an géibheann seo? Ar chuir daoine eile an phríosúnacht seo i bhfeidhm nó an raibh sé/sí ag cur a p(h)ríosúnachta féin i bhfeidhm? An bhfuil sairse ar bith ann le glacadh?



Chris Wilson
Ar Chúil Doirse Oscailte
meáin mheasctha ar chlár
Bailiúchán na RA

Liosta na nEalaíontóirí

[Lawson Burch pg 11 & 13](#)

Ba phéintéir tírdhreacha agus figiúirí é Lawson Burch a rugadh i mBéal Feirste agus fuair sé a chuid oideachais in Ardscoil Grosvenor agus ansin i gColáiste an tSrutháin Mhílís nuair a thraenáil sé mar mhúinteoir. Theagasc sé ealaín i Scoil Idirmheánach Ard Mhic Nasca agus ansin i Scoil Idirmheánach Chaisleán na Deirge i gCo. Thír Eoghain. Thaispeáin Burch a phíosa ‘Low Tide, Annalong’ don chéad uair in 1965 in Acadamh Uladh Ríoga áit a ndearna John Luke meántoireacht air. Bhí a chéad thaispeántas aonair in Ollscoil na Banríona agus ansin i nDánlann na Comhairle Ealaíon in 1974. Ba iad daoine i gcathair Bhéal Feirste a bhí gafa sa choimhlint agus sa teannas agus tírdhreacha Thír Chonaill a ábhair suime. Thaispeáin Burch sé phíosa ealaíne den chéad uair in Acadamh Hibernian Ríoga in 1993 agus lean sé ar aghaidh sin a dhéanamh gach bliain go dtí go bhfuair sé bás go tobann i dTír Chonaill in 1999. Cuireadh Lawson i bPort Nua, Tír Chonaill agus ansin réachtáladh díolachán stiúideo a chuid saothair níos moille.

[Hugh Cummins pg 15](#)

Rugadh Hugh Cummins i nDún Laoghaire agus i ndiaidh roinnt blianta oibre agus staidéir i Londain, tháinig sé abhaile in 2001. Nuair a bhí sé ag obair san earnáil phoibí i Londain, chuir sé barr feabhais ar a scileanna

adhmaidóireachta nuair a d’fhreastail sé ar cheardlanna sa Choláiste Troscán agus i gColáiste Ealaíne Chelsea. Tá sé ina bhall de Chomhairle Dearaidh agus Ceardaíochta Éireann agus de Líonra Ealaíontóirí Dhún Laoghaire.

[Paul Gaffney pg 17](#)

Tá Paul Gaffney ag déanamh staidéir in Ollscoil Uladh, Béal Feirste faoi láthair mar a bhfuil sé ag déanamh PhD chleachtadhbhunaithe i ngrianghrafadóireacht. Mar chuid dá chéim, chuaigh Gaffney ar thuras siúil 3,500 ciliméadar ar fud na hEorpa. Ba é an cuspóir a bhí taobh thiar de seo ná grianghrafanna a ghlacadh ar an mbealach a chruthódh corpas saothair a thaifeadfadh gníomh an chiansiúil a thuig sé gur cineál machnaimh agus athraithe phearsanta é. Ba é a leabhar ‘We Make the Path by Walking’ féinchoilsiúil in 2013 torthaí a chuid oibre agus ainmníodh do Dhuais Photobook é ag an 6ú Féile Idirnáisiúnta Photobook in Kassel, sa Ghearmáin. Bhí sé ar an ngearrliosta do Dhuais Fhoilsitheoirí na hEorpa do Ghrianghrafadóireacht fosta.

[Dennis Kelly pg 19](#)

Bhí Dennis Kelly ag péinteáil le breis agus cúig bliana is fiche anuas, ag úsáid meán péinte cruain ar chlár i gcónaí. Mar dhéagóir, rinne Dennis mionsamhlacha go díograiseach agus tá bailiúchán mór péinteanna cruain aige lena shamhlacha a mhaisiú. Ba shiúnéir athair Dennis agus bhí píosaí gearrtha adhmaid ina cheardlann i gcónaí. Leis an dá rud seo, thosaigh

Dennis ag scrúdú a fhíse pearsanta láidre ar an domhan. Síníonn Dennis Kelly a chuid saothair ar an gcúl seachas ar an bpéintéireacht í féin sa dóigh is nach milltear an íomhá le rómhionghnéithe.

[David King pg 21](#)

Rugadh David King i mBaile Átha Cliath in 1972. Rinne sé staidéar sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh, Baile Átha Cliath áit ar bhain sé céim BA sa Mhínealaín amach in 1995, agus bhain sé céim MA sa Mhínealaín amach ina dhiaidh sin in 1997. In 2002, bronnadh Scoláireacht Hennessy Craig air. Tá sé ina chónaí agus tá sé ag obair i mBaile Átha Cliath faoi láthair.

[Algis Krisciunas pg 23](#)

Rugadh an pop-ealaíontóir, péintéir, grianghrafadóir, maisitheoir leabhar, ceoltóir agus an t-údar liricí Liotuánach Algis Krisciunas in 1968 in Vilnius. Bhain sé céim amach in Ollscoil Teicneolaíochta Vilnius in 1993 agus ó shin, d’oibrigh sé mar stiúrthóir ealaíne in irisí Liotuánacha a bhfuil tóir orthu. Is ball iomlán creidiúnaithe de Cheardchumann na nGrianghrafadóirí Ealaíne é. Chuir Krisciunas faisnéis ar a phaisean don phéintéireacht in athair ar na mallaibh, agus tá a chuid saothar siombalach le tionchar orthu óna eispéiris phearsanta féin. Léiríonn a phictiúirí a shuim sna fealsúnachtaí eisiócha agus daonnachacha.

[Nevan Lahart pg 25 & 27](#)

Rugadh Nevan Lahart i gCill Chainnigh in 1973. Rinne sé staidéar sa Mhínealaín in Scoil Ealaíne agus Dearaidh Luimnigh agus i gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh, Baile Átha Cliath. Rinne sé MA i Réaltachtaí Fíorúla in NCAD in 2003. Déanann Lahart saothair i réimse leathan meán ó phéinteáil, dealbhóireacht, agus taispeántáin go físbheochanna agus taibhithe. Tá sé ina chónaí i mBaile Átha Cliath faoi láthair.

[Frances Lambe pg 29](#)

Is céimí ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh, Baile Átha Cliath í Frances Lambe. Theagasc sí ealaín ar leibhéal meánscoile le cuid mhór blianta anuas. In 1993, thosaigh sí ag cruthú dealbhóireachta ceirmí óna stiúideo sa bhaile. Trí bliana níos moille, d’éirigh léi bheith ina ball bunaidh de Stiúideonna Shráid an Droichid i nDún Dealgan agus d’oibrigh sí ansin go dtí 2009. Sa lá atá inniu, cónaíonn agus oibríonn sí i mBaile Alaird, Droichead an Chnoic i gCo. Lú.

[Cecil Maguire pg 31](#)

Rugadh Cecil Maguire in Ard Mhacha in 1930. Bhain sé céim amach ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste in 1951 agus i measc na n-ábhar lena bpléann sé tá tírdhreacha go péinteáil figiúirí. Thosaigh sé ag teagasc Béarla i gColáiste an Lorgáin, ag péinteáil le linn a ama shaoir, ach d’éirigh sé as obair in 1981 le díriú ar a ealaíontacht.

Thosaigh Cecil Maguire ag taispeáint a shaothair in Acadamh Uladh Ríoga in 1971, d’éirigh leis bheith ina bhall de in 1974 agus thaispeáin sé a shaothar i nDánlann Kenny i nGaillimh, i nDánlann Oiriaila i mBaile Átha Cliath agus i nDánlann Bell i mBéal Feirste. Bronnadh cuid mhór duaiseanna air, ina measc, an Bonn Airgid faoi dhó (1964, 1967) agus an Bonn Óir (1974) ón RUA agus Duais Conor (1968).

[Ruth McHugh pg 33](#)

Rugadh Ruth McHugh i nGaillimh agus fuair sí a cuid oideachais i gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh, Baile Átha Cliath ónar bhain sí ceim BA amach sa Mhínealaín. Tá sí ina ball bunaidh de Artspace i nGaillimh agus d’oibrigh sí i roinnt postanna in RHA, i nDánlann Hallward, i nDánlann Náisiúnta na hÉireann agus in NCAD. Leanann McHugh ar aghaidh a cleachtas ealaíonta a fhorbairt (péinteáil, grianghrafadóireacht, agus scannánaíocht) agus cuireann sí a cuid saothair ar taispeáint go rialta. Chuir sí taispeántas bunaithe ar lionsaí dar teideal Spectres of Modernity ar taispeáint i bhFéile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe in 2016 le déanaí. Bíonn a cuid saothair ar taispeáint i gcuid mhór bailiúchán poiblí agus príobháideach.

[Mary McIntyre pg 35](#)

Rugadh Mary McIntyre i gCúil Raithin, Tuaisceart Éireann. Rinne sí staidéar sa Mhínealaín in Ollscoil Uladh mar ar bhain sí céim Mháistreachta sa Mhínealaín amach. Cuireadh a

saothar ar taispeáint ag taispeántais idirnáisiúnta amhail Biennale na Veinése, 2005. Idir 2000 agus 2004 dhírigh saothar McIntyre ar spásanna laistigh a ndearnadh dearmad orthu. Léirigh a híomhánna na hatmaisféir a cruthaíodh ó na spásanna institiúideacha ar ghlac sí grianghrafanna díobh.

[Paul McKinley pg 37](#)

Rugadh Paul McKinley in Birmingham in 1973. Cónaíonn agus oibríonn sé i mBaile Átha Cliath. In 1996, bhain sí céim Onóracha BA i bPéintéireacht Mínealaíne amach ó Ollscoil Sheffield Hallam. Chuir sé a shaothar ar taispeáint ó shin i seónna aonair agus grúpa agus bhain sé roinnt duaiseanna ardmheasúla. Tá a shaothair i gcuid mhór bailiúchán príobháideach agus poiblí abhus anseo agus thar sáile.

[Magnhild Opdøl pg 39](#)

Rugadh Magnhild Opdøl in Sunndalsøra, an Iorua in 1980. In 2004, tháinig sí anseo le cónaí in Éirinn agus níos moille, bhain sí céim MA sa Mhínealaín amach i gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh, Baile Átha Cliath. Ó shin, chuir sí a shaothar ar taispeáint go rialta in Éirinn agus thar sáile. Oibríonn Opdøl i réimse meán, ina measc, grianghrafadóireacht agus físeanna. Léiríonn a dealbha beaga meath agus bás, agus déantar go mion cruinn iad.

[Sheila Rennick pg 41](#)

Rugadh Sheila Rennick i gCo. na Gaillimhe, Éire in 1983. Rinne Rennick

staidéar sa Mhínealaín sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh. D'fhreastail sí ar Scoil Ealaíne Byam Shaw in Central St Martin's i Londain níos moille, áit ar bhain sí céim MA i bPéintéireacht Mínealaíne agus i Stair Ealaíne amach. Tá sí ina cónaí agus oibríonn sí i Londain faoi láthair.

[Joanne Risley pg 45](#)

Rugadh Joanne Risley in Knutsford in 1965. Bhain sí céim Onóracha BA sa Mhínealaín agus Dearaidh amach mar a ndearna sí speisialtóireacht sa dealbhóireacht i gColáiste Ealaíne Duncan of Jordanstone, Ollscoil Dhùn Dè in 1987. Bhain sí céim MA sa Mhínealaín amach ansin ó Ollscoil Uladh in 1989.

[Victor Sloan pg 45](#)

Rugadh Victor Sloan i nDún Geanainn, Co. Thír Eoghain agus oibríonn sé i bPort an Dúnáin, Co. Ard Mhacha. Rinne sé staidéar sna Coláistí Ealaíne i mBéal Feirste agus in Leeds. In 2002, bronnadh MBE air. Is Comhalta Chumann Ealaíon Ríoga, Acadamhaí Acadamh Uladh Ealaíne Ríoga agus Comhalta Chumann Grianghrafa-dóireachta Ríoga é. Thaispeáin sé a shaothair ag taispeántais go forleathan ar fud fad na hEorpa, Mheiriceá Thuaidh, Mheiriceá Theas agus na hÁise, agus is féidir teacht ar a shaothar i gcuid mhór bailiúchán príobháideach agus poiblí ar fud an domhain.

[Chris Wilson pg 49](#)

Rugadh Chris Wilson i nGleann Ghormlaithe, Co. Aontroma in 1959. Chuaigh sé go Coláiste Ealaíne Brighton agus bhain sé céim BA (Onóracha) sa Mhínealaín amach ansin. In 1985, bhain sé céim MA sa Mhínealaín amach ó Ollscoil Uladh. I saothar Chris Wilson tá focail agus téacsanna mar chuid de shuirbhé talaimh ábharach agus morálta. Marcálann, tomhaiseann agus forbraíonn léarscáileanna, críocha, ionraí solais, íomhánna fáis agus meatha an talamh naofa ina cholláisí. Chuir Wilson a shaothar ar taispeáint go forleathan ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta agus faoi láthair, déanann sé a chuid oibre cruthaithí agus é ag bainistiú Dánlann na Gléibe i Míin an Lábáin, Co. Thír Chonaill.

[Acmhainní taighde](#)

cheshiresculpture.co.uk

chriswilsonartist.com

culturenorthernireland.org

franceslambe.com

gormleysartauctions.com

hillsborofineart.com

hughcumminsdesigns.com

jonathanswiftgallery.com

kevinkavanagh.ie

krisciunas.com

magnhildopdol .com

marymcintyre .org

nevanlahart.com

oliviercornetgallery.com

paulgaffneyphotography.com

peppercanister.com

rosss.com

sheilarennick.com

thedoortwaygallery.com

victorsloan.com

[Coimeádaithe Óga](#)

Kimberley Capitrano

Michaela Cronin

Luciana Rodi

Patrick Yacapin

Lennon Kirov

Winnie Odigie

Andrew Ghioacá

Calum Douglas

Don Luis Torres

Irmuun Nasanbat

Kacper Samuel

Xianren Lin

Xu Huang

Cameron Fitzgerald

Evelyn Farmatu

Jessica Orlea

Libby Fitzgerald

Michaela Joy Padua

Monica McFeeley

Tori Teeling

Yi Chen Lin

Cristian Jarden

Fatima Adda

Yu Hao Chen

Michael Orosz

Preston Dowling

Samir Sowa

Daniel Osojnik

Exhaucé Dontoni-Vemba

Matas Daskevicius

Aimee Fagan

Caithlyn Mangan

Eiva Tanzina Begum

Fariha Ali

Gutjera Pukelyte

Jennifer Halligan

Jing Yan Lin

Katrina Dawn Jadia

Kyra Kinsella

Lacey Walsh

Lily Rose Boss

Tori Delamere

Xin Yi Lin

Yumiko Li

Katie Murphy

[Múinteoirí](#)

John Caul, Príomhoide

Deirdre Gartland, Leas-phríomhoide

Ms Coy

Ms McBride

Ms Russell

Marsha Keating, múinteoir

Bridget Kildee, múinteoir

Edward Wrynn, múinteoir

Buíochas

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na múinteoirí agus leis na leanaí uilig ón 4ú Rang, Modhscoil Shinsearach Lárnach Central Model Senior School, Sráid Marlborough, Baile Átha Cliath 1 (liostáilte ar lch 54).

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na hionaid atá ag óstáil

an taispeántais.

Éascaitheoir VTS: Lynn McGrane

An Roinn Airgeadais: Nigel Bonar, Gina Brown, Eilis Hegarty

OPW: Linda Connolly, Teresa Eddery, Caoimhe Hogan, Louise Kelly, Davey Moor, Jacque Moore, Marian O'Brien, Marie O'Gallagher, Avril Percival, Louise Ward

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – Oifig Ealaíon Chathair Bhaile Átha Cliath – an Dánlann LAB: Natalie Anderson, Sheena Barrett, Jenny Brady, Liz Coman, Barry Lynch, Ray Yeates

Caisleán Bhaile Átha Cliath: Liam Connolly, Dave Cummins, Mary Heffernan, George O'Keeffe, Stephen Tobin

The Alley Theatre and Gallery, An Srath Bán: Jacqueline Doherty agus a foireann.

Ba mhaith linn buíochas speisialta a ghabháil leis na healaíontóirí san áireamh agus lena ndánlanna as a gcabhair leis an taispeántas seo.